Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2017
(OR. fr)

12321/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0198 (COD)**

**CODEC 1414**
**MIGR 184**
**VISA 344**
**COMIX 626**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach do cheadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 30 Meitheamh 2016, rinne an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 79(2)(a) CFAE, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 13 Meán Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 30/17, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

[1] 10904/16.
[2] 12055/17.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.